


Prótacal Idirthréimhseach COVID



Ról an Phríomh-Ionadaí Oibrithe

Molann Prótacal Idirthréimhseach COVID-19 an Rialtais d'ionaid oibre Príomh-Ionadaí Oibrithe amháin ar a laghad a cheapadh (agus a choinneáil) chun cabhrú le leathadh COVID-19 a chosc. Cabhróidh an póstaer seo leat an ról a thuiscint.



Céard é ról an Phríomh-Ionadaí Oibrithe?

- Oibriú lena bhfostóir agus le foireann bainistíochta freagartha COVID-19 chun a chinntiú go bhfuil bearta nua nó leasaithe coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe COVID-19 i bhfeidhm.
- Cumarsáid rialta a dhéanamh lena bhfostóir nó lena mbainisteoir.
- Éisteacht le hábhar imní agus moltaí a gcomhghleacaithe maidir le bearta COVID-19, agus aiseolas a thabhairt dá bhfostóir agus dá gcomhghleacaithe.
- Cabhrú lena gcomhghleacaithe a choinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ón Rialtas faoi COVID-19.
- Nuair is gá, cabhrú leis an bhfoireann bainistíochta freagartha COVID-19 má fhorbraíonn siomptóim COVID-19 ar dhuine éigin ag an obair.
- Nuair is gá, comhoibriú lena bhfostóir agus leis an Roinn Sláinte Poiblí, má tá ráig COVID-19 san ionad oibre á fiosrú acu.



Céard a dhéanfaidh m'fhostóir?

Déanfaidh d'fhostóir:

- an t-eolas a theastaíonn chun an ról a chomhlíonadh a thabhairt duit.
- an oiliúint ábhartha a chur ort.
- dul i gcomhairle leat faoi Phlean Freagartha COVID-19 don ionad oibre agus na bearta IPC atá i bhfeidhm
- dul i gcomhairle leat faoi aon bhearta leasaithe
- thú a choinneáil ar an eolas faoi aon tionchar nó athrú ar na pleananna éigeandála nó garchabhrach.
- córas a aontú leat chun cumarsáid rialta a dhéanamh leat chun aghaidh a thabhairt ar ábhar imní nó ceisteanna.



Cén chaoi a réiteoidh mé don ról?

- Eolas a chur ar an bPrótacal Idirthréimhseach agus na moltaí sláinte poiblí.
- Páirt a ghlacadh in aon oiliúint nó seisiúin eolais COVID-19 a chuireann d'fhostóir ar fáil.
- Coinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ón Rialtas faoi COVID-19.
- Comharthaí agus siomptóim COVID-19 a fhoghlaim.
- Tuiscint a fháil ar an gcaoi le leathadh an víris a chosc.
- Na riachtanais glantacháin agus díghalraithe chun leathadh COVID-19 a chosc a fhoghlaim.
- Féach ar an seicliosta, an cúrsa ar líne, agus an póstaer le haghaidh Príomh-Ionadaithe Oibrithe ar hsa.ie/covid19.

Cá bhfaighidh mé níos mó eolais faoi COVID-19 a chosc san ionad oibre?

Tá an nuacht is deireanaí ar fáil gach lá ar: gov.ie hse.ie hsa.ie/COVID19



Acmhainní COVID-19 Aistrithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte: <https://tinyurl.com/HSE-Translated-COVID19>

Acmhainní Aistrithe HSA: <https://tinyurl.com/HSA-Translated-Resources>



Teimpléid, Seicliostaí agus Póstaer HSA: <https://tinyurl.com/templates-and-checklists>

Prótacal Idirthréimhseach: <http://ow.ly/frwL30s9nAb>



Cúrsa ar líne do Phríomh-Ionadaithe Oibrithe: <https://www.hsa.ie/LWR/#/>



HSA

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority